



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021
(OR. en)

11959/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0183 (NLE)**

**JUSTCIV 134
JAI 1001
COLAC 66**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Bolaive le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí
--------	---

CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach,
glacadh le haontachas na Bolaive le Coinbhinsiún na Háige 1980
ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3) i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ Tuairim an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé leagtha síos ag an Aontas gur ceann dá chuspóirí é an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn, mar a luaitear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is cuid riachtanach den bheartas sin iad bearta chun leanaí a chosaint ar aistriú éagórach nó ar choinneáil éagórach.
- (2) Ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003¹ ('Rialachán IIa na Buiséile'), arb é is aidhm dó leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha de dheasca aistrithe éagóracha nó coinneáil éagórach agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtugtar leanaí ar ais go pras go dtí an Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, agus chun cosaint na gceart rochtana agus na gceart coimeádta a áirithiú chomh maith.
- (3) Le Rialachán IIa na Buiséile, comhlánaítear agus treisítear Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí ('Coinbhinsiún na Háige 1980') lena mbunaítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, córas um oibleagáidí agus chomhar idir Stáit Chonarthacha agus idir údaráis lárnacha agus arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfar leanaí a aistríodh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais go pras.
- (4) Is páirtithe iad na Ballstáit uile i gCoinbhinsiún na Háige 1980.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 i dtaca le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO L 338, 23.12.2003, lch. 1).

- (5) Molann an tAontas do thríú Stáit aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus tacaíonn sé le cur chun feidhme ceart Choinbhinsiún na Háige 1980 trí pháirt a ghlacadh, in éineacht leis na Ballstáit, *inter alia*, sna coimisiúin speisialta arna n-eagrú ar bhonn rialta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.
- (6) D'fhéadfadh sé gur chreat coiteann dlíthiúil a bheidh infheidhme idir na Ballstáit agus tríú stáit é an réiteach is fearr ar chásanna íogaire a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí.
- (7) Sonraítear i gCoinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarthacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.
- (8) Le Coinbhinsiún na Háige 1980 ní cheadaítear d'eagraíochtaí um lánpháirtíocht eacnamaíoch réigiúnach, amhail an tAontas, a bheith ina bpáirtithe ann. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas aontú leis an gCoinbhinsiún sin, ná ní fhéadfaidh sé dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le Stát aontach ach oiread.
- (9) De réir Thuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh¹, is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann dearbhuithe glactha faoi Choinbhinsiún na Háige 1980.
- (10) An 13 Iúil 2016 thaisc an Bholáiv a hionstraim aontachais le Coinbhinsiún na Háige 1980. Tháinig Coinbhinsiún na Háige 1980 i bhfeidhm don Bholáiv an 1^d Deireadh Fómhair 2016.

¹ ECLI EU:C: 2014: 2303.

- (11) Ba é ba chonclúid do mheasúnú ar an staid sa Bholáiv go bhfuil na Ballstáit in ann, ar mhaithe leis an Aontas, glacadh le haontachas na Bolaive faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige 1980.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a údarú a ndearbhuithe glactha i ndáil le haontachas na Bolaive a thaisceadh, ar mhaithe leis an Aontas i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.
- (13) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán IIa na Buiséile agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear leis seo do na Ballstáit glacadh le haontachas na Bolaive le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas.
2. Déanfaidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná ... [12 mhí tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le haontachas na Bolaive le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

‘Dearbhaíonn [ainm iomlán AN BHALLSTÁIT] go nglacann sí le haontachas na Bolaive le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/... ón gComhairle’.
3. Déanfaidh na Ballstáit an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thaisceadh a ndearbhuithe glactha i ndáil le haontachas na Bolaive agus déanfaidh na Ballstáit téacs na ndearbhuithe sin a chur in iúl don Choimisiún laistigh de dhá mhí tar éis a dtaiscthe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
